Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2009

Bus Átha Cliath

# AG TIOMÁINT NA HÉIFEACHTÚLACHTA



# AN CLÁR


3 **Athbhreithniú Oibríochtaí**

7 **Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile**

8 **Tuarascáil na Stiúrthóirí**

11 **Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí**

12 **Tuarascáil na nIniúchóirí**

14 **Príomhbheartais Chuntasaíochta**

16 **Cuntas Brabúis agus Caillteanais**

17 **Clár Comhardaithe**

18 **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

19 **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**




Ba mhaith le Bus Átha Cliath aitheantas a thabhairt don maoiniú a rinne Rialtas na hÉireann do mhórthionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus Iompar 21 agus don chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** firstimpression


transport21 progress in motion

NDP Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 Athrú Mór ar Éirinn



# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ

## Forléargas

Bhí éifeacht ollmhór go dtí seo ag an gcúlú eacnamaíochta ar chúrsaí airgeadais Bhus Átha Cliath in 2009 trí:

- cailliúint an ghnó custaiméara de bharr tuilleadh dífhostaíochta, gníomhaíocht mhiondíola laghdaithe agus níos lú gníomhaíochta sóisialta chomh maith, agus
- cailliúint maoinithe an státchiste trí fhóirdheontas laghdaithe agus díothú an lacáiste dleachta breosla.

Sa bhliain 2009, meastar gurb é **€43 milliún** in iomlán éifeacht chomhcheangailte de chaillteanas an ghnó custaiméara agus laghdú maoinithe an státchiste - **€27 milliún** de bharr gnó laghdaithe agus **€16 milliún** bainteach le tacaíocht laghdaithe an státchiste.

## Toradh Oibriúcháin 2009

Thabhaigh Bus Átha Cliath easnamh **€12.9 milliún** sa bhliain 2009 cé gur cuireadh ollchlár laghdaithe costais i bhfeidhm, ag laghdú an líon foirne faoi **226** (6%) agus ag cur sosadh pá i bhfeidhm chomh maith. D'iompar an chuideachta **128.3 milliún** custaiméir i gcomparáide le **143.5 milliún** sa bhliain 2008 agus **147.5 milliún** sa bhliain 2007.

## Dearadh don Éifeachtúlacht

Beidh athrú suntasach san eispéireas a bheidh á thairiscint ag Bus Átha Cliath le custaiméirí; mar sin ag feabhsú dílseachta na gcustaiméirí eiseacha agus ag mealladh custaiméirí nua ag an am céanna.

Cuireadh meánmhéadú **7%** ar tháillí i bhfeidhm in Eanáir 2009 ach bhí gá leis chun maoiniú a dhéanamh ar aistarraingt na dleachta máil atá tar éis costas breosla a mhéadú faoi **€12 milliún** in aghaidh na bliana.

D'fhonn tabhairt faoi na tosca atá ag déanamh dochair d'fheidhmíocht airgeadais, chuir Bus Átha Cliath ollphlean laghdaithe costais i bhfeidhm i rith na bliana. I ndiaidh glacadh leis na téarmaí leagtha amach ag an gCúirt Oibreachais, chuir an chuideachta na laghduithe costais beartaithe i bhfeidhm go hiomlán ag tosú i mí Aibreáin. Roghnaíodh na hathruithe seirbhíse agus é ar intinn an éifeacht a bheadh acu ar chustaiméirí a íoslaghdú agus ní bhfuarthas ach freagra íosta ó chustaiméirí. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí a tógadh, rinneadh coigiltis chostais de thart ar **€20 milliún** sa bhliain 2009 agus is é **€30 milliún** an éifeacht a bheidh ag an gclár laghdaithe costais don bhliain iomlán, mar a thugtar coigiltis bhreise de suas le **€10 milliún** ar aghaidh go dtí an bhliain 2010. Ina theannta sin, níor íocadh céim an Chomhaontaithe Náisiúnta Pá a bhí dlite ar an 1ú Aibreán 2009, ag coigilt **€10 milliún** i mbliain iomlán.

Ciallaíonn an neamhchinnteacht gheilleagrach reatha, in éineacht le brú comhcheangailte ar mhaoiniú an Státchiste, go bhfuil an suíomh airgeadais le haghaidh na bliana 2010 an-dúshlánach agus fiú tar éis an chláir laghdaithe costais a fhorfheidhmiú go hiomlán sa bhliain 2009, tabhófar easnamh suntasach in 2010 mura gcuirtear bearta cost-éifeachtúla deacra breise i bhfeidhm. Beidh na bearta cost-éifeachtúla seo bunaithe don chuid is mó ar mholtaí an Athbhreithnithe Gréasáin a chur i bhfeidhm chun an gréasán bealaigh a shimpliú.

## Athbhreithniú um Ghréasán Bealaigh Bhus Átha Cliath

Cuireadh foireann Athbhreithniú Gréasáin ar bun i mí an Mheithimh 2009 agus táthar ag obair go lánaimseartha ar an tionscadal faoi threoir Ghrúpa Comhairleach Boird.

Roinneadh an gréasán in 18 réimse le haghaidh anailíse. Cheadaigh an próiseas seo d'athruithe leanúnacha a dhéanamh de réir mar a chuaigh athdhearadh chun cinn agus cinntíodh gur baineadh amach na cuspóirí iomlána agus na buntáistí uasta. Dhírigh an obair go dtí seo ar anailís sonraí agus ar athdhearadh an ghréasáin. Tá an chéim seo comhlíonta anois.

Bus Átha Cliath

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Tharla comhairliúchán le príomh-gheallsealbhóirí straitéiseacha le linn céime athdheartha lena n-áirítear Ionadaithe Polaitíochta, an Ghníomhaireacht Iompair Náisiúnta, Údaráis Áitiúla, Comhlachas Gnó Chathair Bhaile Átha Cliath, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnróid, Bus Éireann agus Iarnród Éireann. Leanfaidh cumarsáid le leas polaitiúil agus gnó ar aghaidh ar bhonn struchtúrtha.


Léiríonn príomh-thorthaí an taighde gurb iad na tréithe lárnacha atá ag seirbhís éifeachtach ná: minicíocht, poncúlacht, luas, dírí agus comhsheasmhacht agus dá bhrí sin bainfidh na tréithe seo a leanas le Gréasán nua Bhus Átha Cliath:

- Méadú ar líon na mbealaí ardmhinicíochta (idirachar 10 nóiméad nó níos fearr ag na buaic-amanna);
- Ailíniú níos dírí go/ó príomh-cheantair oibre/fóillíochta;
- Úsáid mhéadaithe na mórlánaí Bus (MLB);
- Idirachair chothroma ó phointí imeachta ar bhonn lánaí;
- Níos lú éagsúlachtaí bealaigh ionas go mbeidh an gréasán níos simplí le tuiscint;
- Gréasán nua de chuar-sheirbhísí níos dírí;
- Méadú ar bhealaí tras-cathrach chun idirmhalartú custaiméara a íoslaghdú; agus
- Naisc fheabhsaithe le modhanna iompair Iarnróid agus Luas.

Trí chomhcheangal de na gnéithe thuasluaite, beidh athrú suntasach san eispéaras a bheidh Bus Átha Cliath in ann a thairiscint dá chuid custaiméirí agus dá bhrí sin feabhsófar dílseachta na gcustaiméirí eiseacha agus meallfar custaiméirí nua chuig ár seirbhís.

## Conradh Iompair Poiblí

Síníodh Conradh Seirbhíse Poiblí idir an tÚdarás Iompair Náisiúnta agus Bus Átha Cliath ar an 1ú Nollaig 2009. Leagann an conradh amach, go mionsonraithe, an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Átha Cliath, na leibhéil feidhmíochta atá le baint amach acu faoin oibleagáid seirbhíse poiblí agus an cúiteamh atá le híoc ag an Údarás Iompair Náisiúnta le haghaidh soláthar na seirbhísí seo. Cé go bhfuil an conradh dúshlánach ar mórán bealaí do Bhus Átha Cliath, táthar ag súil le dul i mbun oibre sa timpeallacht rialála nua agus caidreamh oibre láidir a fhorbairt leis an Údarás Iompair Náisiúnta.




## Oscailt Mhórlána Bus Fhaiche an Choláiste

Ar an 28ú Iúil 2009, tháinig Mórlána Bus Fhaiche an Choláiste chun feidhme. Tá tionchar an-suntasach tar éis a bheith aige ar sheirbhísí bus agus tá na mílte comaitéirí ag baint tairbhe as lá i ndiaidh lae. Tá busanna i mbun feidhme go rianúil agus go comhsheasmhach anois trí lár na cathrach agus tá amanna taistil agus iontaofacht feabhsaithe go mór. Rinne Bus Átha Cliath dian-mhonatóireacht ar sheirbhísí bus ag feidhmiú tríd an chonair bhus agus bhí torthaí na seachtainí oibriúcháin tosaigh an-dearfach agus spreagúil. Tá ollbhuntáistí soláthartha ag an Mórlána Bus nua do na hoibreoirí iompair uile, chomh maith le rothaithe, coisithe, tacsaithe agus tiománaithe cairr i mbun gnó i lár na cathrach. Cuireadh an Mórlána Bus ar fionraí go sealadach sna tráthnónta le linn tréimhse siopadóireachta na Nollag,

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

agus cuireadh ar ais go hiomlán é ar an 18ú Eanáir 2010. D'fhonn comhthitim le hoscailt Mórlána Bus Fhaiche an Choláiste, sheol Bus Átha Cliath Táille Lár na Cathrach nua 50 cent le haghaidh taistil i gceantar láir na cathrach.

## Tús na Tástála SRUF i Rialú na nOibríochtaí Láraithe

Tá forbairt ar chóras um Shuíomh agus Rialú Uathoibríoch Feithicle (SRUF) ag leanúint ar aghaidh agus ag dul chun cinn go rianúil. Roghnaíodh an tseirbhís 123, bealach tras-cathrach lonnaithe in iosta Chnoc an tSamhraidh mar an rogha is fearr le haghaidh bealaigh trialaigh chun SRUF a thástáil agus nuair a bheidh an tástáil comhlíonta, cuimseofar na bealaí uile ag iosta Chnoc an tSamhraidh. Tá monatóireacht á dhéanamh ar an tástáil i rialú na n-oibríochtaí láraithe ar bhonn úrnua in iosta na Cloiche Leithne. I ndiaidh measúnú agus tástáil críochnúil a dhéanamh ar sheirbhís 123 agus ansin ar fud iosta Chnoc an tSamhraidh, cuimseofar SRUF in iostaí eile de chuid Bhus Átha Cliath níos déanaí sa bhliain 2010.

Is é SRUF an bonneagar a cheadóidh Eolas Fíorama Paisinéara a thabhairt isteach faoi dheireadh i bhfoirm scáileáin faisnéise ar shuíomh na mbusanna ag stadanna bus. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as na scáileáin taispeána a chur suas ag raon leathan stadanna bus ar fud na cathrach, a chuirfidh ar chumas na gcustaiméirí am sroichte a mbus a fháil amach. Beidh custaiméirí in ann eolas fíorama ar sheirbhís bus a fháil trí ghutháin phóca agus ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath. Ina theannta sin, cuirfear sonraí maidir le suíomh na mbusanna ar aghaidh ó chóras ríomhaire lárnach an SRUF go ríomhaire lárnach rialaithe tráchta SCATS de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ceadóidh sé seo breis tosaíochta a thabhairt do bhusanna ag acomhail arna rialú ag soilse tráchta.

## Tábhacht na Láithreach Oibre Sábháilte

Tá Bord Bhus Átha Cliath agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus iad siúd a dtéann ár ngníomhaíochtaí i bhfeidhm orthu, cosúil le húsáideoirí bóithre eile, chomh maith le cuairteoirí ar ár n-áitreabh nó conraitheoirí fostaithe ag an gcuideachta a chosaint.

Léiríonn an beartas bainistíochta sábháilteachta freagrachtaí na mbainisteoirí agus na maoirseoirí uile agus leagtar amach an bealach inar chóir do Bhus Átha Cliath bainistíocht a dhéanamh ar shábháilteacht.

Tá feabhas leanúnach ar inniúlachtaí sábháilteachta na bhfostaithe trí mheán na hoiliúna agus na feasachta mar cheann de na bearta feidhmíochta is tábhachtaí le haghaidh bainisteoirí agus maoirseoirí. Baintear úsáid as iniúchóireacht inmheánach agus seachtrach ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le sábháilteacht chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin na sábháilteachta.

I rith na bliana 2009, chabhraigh dian-fhócas ar shábháilteacht chun líon na dtimpistí ina raibh feithiclí de chuid Bus Átha Cliath bainteach iontu a laghdú go suntasach. Gnóthaíodh laghdú de níos mó ná 11% sa ráta timpistí in aghaidh na milliún ciliméadar feithicle.

### Cur Chun Cinn na hÉifeachtúlachta

Cinntíonn an lárionad rialaithe nua go láraítear an fhaisnéis oibríochta ar fad ag tabhairt rialú méadaithe ar reáchtáil na seirbhísí.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

I ndiaidh tabhairt isteach Deimhniú Inniúlachta Gairmiúil na dtiománaithe i mí Mheán Fómhair 2008, chríochnaigh Bus Átha Cliath a chéad bhliain oiliúna sa bhliain 2009, áit inar thug 2,714 fostaí in iomlán faoi mhodúl oiliúna Bliain 1. Cuireadh tús le hoiliúint um Deimhniú Inniúlachta Gairmiúil na dara bliana ar an 2ú Feabhra 2010.

## Inrochtaineachta an Fhlít — Seirbhís Bus do Chách

Tá Bus Átha Cliath tiomanta d'fheabhsú inrochtaineachta a chuid seirbhísí agus beidh urlár íseal, atá inrochtana do chathaoir rothaí, sna busanna nua go léir a cheannaítear le haghaidh bealaí na cathrach. Tá urlár íseal atá inrochtana do chathaoir rothaí in 88% den flít faoi láthair, agus an sprioc atá ann ná flít atá inrochtana go hiomlán a bheith ann faoin mbliain 2012. D'fhonn na daoine siúd le laigí céadfach acu a éascú, tá cuaillí inmheánacha i ndathanna codarsnachta, soilsiú inmheánach feabhsaithe, barraí greama feabhsaithe agus brúnna cloigín gníomhachtaithe ag bos na láimhe sna busanna nua go léir atá ceannaithe.




Cuireann ár "Scéim Chúnaimh Taistil" úsáid neamhspleách ar iompar poiblí chun cinn ina measc siúd le laigí céadfach nó gluaiseachta agus le deacrachtaí foghlama acu. Soláthraíonn an tionscnamh comhairle phraiticiúil maidir le húsáid iompair poiblí agus "Cúntóir Taistil" oilte chun dul in éineacht le húsáideoirí nuair a bhaineann siad úsáid as iompar poiblí don chéad uair. Tá an scéim imithe ó neart go neart ó cuireadh tús léi le figiúirí úsáideora na bliana 2009 níos mó ná dúbailte ar an bhfigiúir don bhliain tionscanta.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach — Ár gCuid Oibre sa Phobal

Mar an soláthraí iompair poiblí is mó i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, tá ról lárnach ag Bus Átha Cliath sna pobail éagsúla a chuimsíonn ár mbonn custaiméirí agus is bealach iad na cláir éagsúla maidir le freagracht chorparáideach agus shóisialta de chuid na cuideachta chun naisc a chruthú leis na pobail ar a fhreastalaímid.

Ba é Clár Tacaíochta Pobail (CTP) na bliana seo ár n-eachtra is mó agus is rathúla i stair an chláir. Agus é ina séú bliain anois, bunaíodh an Clár Tacaíochta Pobail chun cúnamh a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a dtéann a gcuid oibre siúd, don chuid is mó, gan aitheantas lasmuigh de chiorcal na ndaoine a gcabhraíonn siad leo. Go dtí seo tá tairbhe bainte ag níos mó ná 1,000 grúpa ó phobail mórthimpeall ar Bhaile Átha Cliath as deontais a fuair siad ón gclár.

Sna tionscnaimh eile um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach a cuireadh ar bun i rith na bliana áirítear Ciceanna Éirice le pátrún CTP Niall Quinn agus Comórtas Ealaíne na Scoileanna agus Féilire 2010. Don dara bliain as a chéile, chur Bus Átha Cliath taispeántas ar siúl chun na hiontrálacha a bhuaigh Comórtas Ealaíne na Scoileanna i mbliana a léiriú. Taispeánadh na hiontrálacha i Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh don choicís dheireanach ag deireadh mí na Samhna/tús mí na Nollag. Tugann cláir dá leithéid seo deis do Bhus Átha Cliath aithne a chur ar roinnt dár gcustaiméirí óga agus ról tábhachtach an bhus ina bpobal féin agus an meas atá dlite dó a chur ina luí orthu.

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

## Na Stiúrthóirí ag 31 Márta 2009

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An Dr. J.J. Lynch |
| **Na Stiúrthóirí** | N. Maher Uasal<br>An tUasal B. McCamley<br>An tUasal W. McDermott<br>U. McGrath Uasal<br>M. Mooney Uasal<br>An tUasal A. O'Byrne<br>G. Tuke Uasal |
| **An Príomhfheidhmeannach** | An tUasal J. Meagher |
| **An Rúnaí** | An tUasal R. O'Farrell |
| **An Oifig Chláraithe** | 59 Sráid Uí Chonaill<br>Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Teileafón** | +353 1 872 0000 |
| **Facsimile** | +353 1 873 1195 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.dublinbus.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119569 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers<br>Cuntasóirí Cairte<br>agus Iniúchóirí Cláraithe<br>hAon Dug Spencer,<br>Cé an Phoirt Thuaidh,<br>Baile Átha Cliath 1. |

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 i láthair.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta seirbhís bus chuimsitheach a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus an don cheantar máguaird.

Bhí an cúlú eacnamaíochta mar an príomh-fhachtóir le tionchar aige ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais i gcaitheamh na bliana rud a laghdaigh éileamh ar sheirbhísí. Sa bhliain 2009 d'iompar an chuideachta 128.3 milliún custaiméir, ag léiriú titim 10.6% ar an mbliain 2008. B'ionann ioncaim iomlána agus €196 milliún sa bhliain 2009 i gcomparáid le €204 milliún sa bhliain roimhe sin. D'fhonn tabhairt faoi na tosca a bhí ag déanamh dochair d'fheidhmíocht airgeadais, chuir Bus Átha Cliath ollphlean laghdaithe costais i bhfeidhm i rith na bliana 2009.

Ciallaíonn an éiginnteacht eacnamaíochta reatha i dteannta leis an mbrú ar an Státchiste go bhfanann staid airgeadais 2010 fíor-dhúshlánach go fóill. Fiú i ndiaidh forfheidhmiú iomlán an chláir laghdaithe costais sa bhliain 2009 beidh a thuilleadh bearta cost-éifeachtúla deacra riachtanach chun comhsheasmhacht airgeadais a choimeád. Beidh na bearta cost-éifeachtúla seo bunaithe don chuid is mó ar mholtaí an Athbhreithnithe Gréasáin a chur i bhfeidhm chun an gréasán bealaigh a shimpliú.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 14 go 28. Taispeánann na torthaí do 2009 easnamh de €12,925,000 milliún (2008 - €14,944,000).

## Príomhrioscaí

Tá an chuideachta tiomanta riosca a bhainistiú ar shlí chórasach agus smachtaithe. Aithnítear na príomhrioscaí atá ag an gcuideachta trí phróiseas bhainistíocht rioca ar fud na cuideachta. Coimheádtar clár riosca agus tugtar suas chun dáta go tráthrialta é agus tá pleananna gnímh le díriú ar na rioscaí a aithníodh san áireamh ann. Téann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, i mbun breosla agus airgead a cheannach roimh ré nuair a bhreithnítear go bhfuil luach agus riosca níos lú ann don chuideachta.

## Infheistíocht Caipitil

I rith 2009, iarchuireadh infheistíocht sa fhlít go dtí go mbeadh cúinsí eacnamaíochta agus oibriúcháin níos cinntí ann. Lean infheistíocht i bhfeabhsú seirbhísí custaiméara ar aghaidh trí mhaoiniú suntasach ón Státchiste faoi Iompar 21 sna réimsí seo a leanas:

- €3.3 milliún ar thionscadail inrochtaineachta éagsúla;
- €3.3 milliún ar fhorbairt leanúnach an Chórais um Shuíomh agus Rialú Uathoibríoch Feithicle (SRUF); agus
- €0.2 milliún ar chórais sábháilteachta flít.

## Rannpháirtíocht Fostaithe

Cuireadh tús le ceardlanna i 2007 do gach dhuine ar an fhoireann oibríochtúil. Díríonn na ceardlanna seo ar shábhailteacht, ar sheirbhís do chustaiméirí, ar fheasacht mhíchumais, agus ar leas fostaí. Leanadh ar aghaidh le clár forbairt bhainistíochta le lion áirithe bainisteoirí agus den fhoireann riaracháin ag gabháil i gceann staidéir tríú leibhéal I 2009..

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuidíonn an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta atá i bhfeidhm le Bus Átha Cliath timpeallacht oibre níos éifeachtúlaí agus níos comhlíontaí a sheachadadh don fhoireann, freastalaítear ar riachtanais na gcustaiméirí a bhíonn ag athrú agus forbraítear ceangal níos fearr leis an bpobal go léir a bhítear ag freastal orthu.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh do na custaiméirí go léir agus áit oibre chothrom agus uilechuimsitheach a sholáthar ina mbeidh meas ar an duine aonair agus a bhféadfaidh daoine oibriú ann chomh maith agus atá ar a gcumas.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

D'fhorbair an chuideachta plean gnímh a chlúdaigh na prionsabail chomhionannais agus uilechuimsitheachta agus léiríonn sin éagsúlacht ár bhfórsa saothair.

Roghnaíodh an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta le cur san áireamh san Achomaireacht Dea-Chleachtais maidir le hÉagsúlacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta go hiomlán cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2006 agus na rialacháin náisiúnta eile go léir agus na rialacháin AE. Tá an Ráiteas Sábháilteachta arna ghlacadh ag an gcuideachta i mí Feabhra 1991 coimeádta faoi athbhreithniú agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn leanúnach.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath a fhreagracht maidir lena chinntiú go gcomhlíontar, i ngach slí ábhartha, forálacha Rialachán an CE (Iocaíocht Mhall) 2002. Ba é polasaí íocaíochta na cuideachta ceanglais an rialacháin a chomhlíonadh.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta ar ghlac na stiúrthóirí leo lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na comhlachta. Roimh 1 Lúnasa, 2009 cheap Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann stiúrthóirí le toiliú an Aire. Tá na stiúthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2009 nó iad siúd a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| **An Dr. J.J. Lynch** | Cathaoirleach<br>(D'éirigh as 27 Márta 2009<br>athcheaptha 29 Márta 2009) |
| **An tUasal T. Coffey** | (D'éirigh as 28 Aibreán 2009) |
| **An tUasal D. Egan** | (D'éirigh as 25 Feabhra 2009) |
| **N. Maher Uasal** | (Ceaptha 2 Meitheamh 2009) |
| **An tUasal B. McCamley** | (Athcheaptha 1 Nollaig 2009) |
| **An tUasal W. McDermott** | (Ceaptha 1 Nollaig 2009) |
| **U. McGrath Uasal** | (Ceaptha 15 Márta 2010) |
| **An tUasal J. Moloney** | (Athcheaptha 1 Eanáir 2009<br>d'éirigh as 30 Samhain 2009) |
| **M. Mooney Uasal** | (Ceaptha 18 Bealtaine 2009) |
| **An tUasal A. O'Byrne** | (Athcheaptha 1 Meitheamh 2009) |
| **G. Tuke Uasal** | (Ceaptha 2 Meitheamh 2009) |
| **An tUasal P. Webster** | (D'éirigh as 31 Bealtaine 2009) |

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Ní raibh aon chonarthaí ná socruithe a chuathas ina mbun i rith na bliana a raibh leas ábhartha ag aon stiúrthóir iontu i ndáil le gnó an Ghrúpa seachas aon stiúrthóir amháin a dhearbhaigh leas i gcuideachta a bhuaigh tairiscint tar éis próiseas roghnaithe fíoraithe neamhspleách.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

## Tinreamh ag cruinnithe Boird/Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe Boird/Coiste i rith 2009.

| Cuntas Tinrimh Boird/Coiste Bhus Átha Cliath 2009 | | |
|---|---|---|
| Stiúrthóir | Bord Bhus Átha Cliath | Coiste Sábháilteachta |
| An Dr. J.J. Lynch | 9/10 | |
| An tUas. T. Coffey | 2/3 | |
| An tUas. D. Egan | 2/2 | 1/1 |
| N. Maher Uasal | 5/5 | |
| An tUas. B. McCamley | 8/10 | 4/4 |
| An tUas. W. McDermott | 1/1 | |
| An tUas. J. Moloney | 7/10 | |
| M. Mooney Uasal | 6/6 | |
| An tUas. A. O'Byrne | 7/10 | |
| G. Tuke Uasal | 5/5 | |
| An tUas. P. Webster | 4/5 | |

## Gnóthas Leantach

Tá stiúrthóirí an bhoird sásta go bhfuil acmhainní fónta ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bharr seo, leanann siad orthu ag glacadh le bunús an ghnóthais leantaigh i leith ullmhú na gcuntas.

## Iniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, Pricewaterhouse Coopers, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** An Cathaoirleach
**An tUasal A. O'Byrne** An Stiúrthóir

31 Márta 2010

# RÁITEAS D'FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí::

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn, agus go bhfuil siad ag cloí le reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ

## Tuairiscáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí de Bhus Átha Cliath – Dublin Bus

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 14 go 28. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach i ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta ar leathanaigh 14 agus 15.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn) agus tá siad leagtha amach ar leathanach 11 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sí dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe, ar ann do staid airgeadais a éilíonn ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais mar sin a bheith ann má bhíonn glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe, níos mó ná leath méid an scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí agus áit a bhfuil sé indéanta, cuirimid san áireamh lenár dtuarascáil a leithéid d'fhaisnéis.

Léimid tuarascáil na stiúrthóirí agus breithnímid na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar ár dtuarascáil má fheicimid aon mhíráiteas dealraitheach ann. Ní chuimsíonn ár bhfreagrachtaí aon fhaisnéis eile.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

## Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig, 2009 agus ar a barrachas agus ar a sreabhadh airgid don bhliain dar chríoch amhlaidh, agus
- agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 8 go 10 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 17, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2009, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers**
*Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe*
hAon Dug Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

31 Márta 2010

A. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine láithreáin ghréasáin Chóras Iompair Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair an láithreáin ghréasáin iad ar dtús báire.

B. D'fhéadfadh reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráitis airgeadais a bheith éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

# PRÍOMHPHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta a ghlactar go ginearálta in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann agus atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Ioncam

Tá ioncam comhdhéanta d'oll-luach na seirbhísí a soláthraítear.

## (C) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadáin atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil.

### (ii) Stadanna Bus agus Foscadáin Bus

Dímheastar stadanna agus foscadáin bus trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

### (iii) Gléasra agus Innealra

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

## (D) Sócmhainní ar Léas

### Léasanna Oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (E) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú. Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (F) Deontais

### (i) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Muirearaítear deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a thabhairt chun sochair d'ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn sin infhaighte agus scaoiltear sin chuig an gcuntas caiteachais iomchuí sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (ii) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (G) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

# PRÍOMHPHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (AR LEANÚINT)

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (H) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a sholáthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime. Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

# CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

| **Bliain dar chríoch an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **196,307** | 203,668 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *2* | **(197,183)** | (204,499) |
| Ábhair agus seirbhísí | *3* | **(76,277)** | (85,093) |
| Dímheas | *4* | **(16,990)** | (17,693) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | *5* | **(5,925)** | (1,177) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(296,375)** | (308,462) |
| **Easnamh roimh ghnóthachanar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(100,068)** | (104,794) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **2,625** | 1,487 |
| **Easnamh roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar** | | **(97,443)** | (103,307) |
| Ús infhaighte | *6* | **1,319** | 2,734 |
| **Easnamh don bhliain roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(96,124)** | (100,573) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *7* | **83,199** | 85,629 |
| **Easnamh don bhliain** | | **(12,925)** | (14,944) |
| Farasbarr carntha ag tús na tréimhse | | **4,801** | 19,745 |
| **(Easnamh)/Farasbarr carntha ag deireadh na tréimhse** | | **(8,124)** | 4,801 |

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne** Stiúrthóir

# CLÁR COMHARDAITHE

| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *8* | **155,663** | 171,527 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *9* | **2,792** | 3,029 |
| Féichiúnaithe | *10* | **86,014** | 85,812 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | | **101** | 145 |
| | | **88,907** | 88,986 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *11* | **(70,901)** | (61,738) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **18,006** | 27,248 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **173,669** | 198,775 |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirir** | *13* | **(85,900)** | (89,237) |
| **Ioncam iarchurtha** | *14* | **(64,150)** | (72,994) |
| | | **23,619** | 36,544 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *15* | **31,743** | 31,743 |
| Cúlchiste athsholáthair sócmhainní | | **(8,124)** | 4,801 |
| **Cuntas brabúis agus caillteanais** | *16* | **23,619** | 36,544 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne** Stiúrthóir

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | *17 (A)* | **8,958** | 12,405 |
| **Toradh ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | *17 (B)* | **1,319** | 2,734 |
| **Caiteachas caipitil** | *17 (B)* | **(18,189)** | (41,555) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe** | *17 (B)* | **2,634** | 1,547 |
| **Deontais chaipitil a fuarthas** | *17 (B)* | **6,623** | 22,697 |
| **Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú** | | **1,345** | (2,172) |
| **Glanbhainistiú ar acmhainní leachtacha** | | **(1,051)** | 1,229 |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain** | | **294** | (943) |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite don chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

| **Réiteach an ghlan-shreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
|---|---|---|---|
| Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain | *17 (C)* | **294** | (943) |
| Glan (eis-sreabhadh)/in-sreabhadhairgid ó iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | *17 (C)* | **1,051** | (1,229) |
| **Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain** | | **1,345** | (2,172) |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | *17 (C)* | **75,377** | 77,549 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | *17 (C)* | **76,722** | 75,377 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. GLAN-BHARRACHAS DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2009 €000** | 2008 €000 | **2009 €000** | 2008 €000 |
| Ioncam | **182,964** | 188,633 | **13,343** | 15,035 |
| Costais | **(281,324)** | (292,225) | **(11,107)** | (12,016) |
| (Easnamh)/barrachas oibríochta | **(98,360)** | (103,592) | **2,236** | 3,019 |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **83,199** | 85,629 | **—** | — |
| (Easnamh)/barrachas iomlán | **(15,161)** | (17,963) | **2,236** | 3,019 |

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **168,834** | 179,566 |
| Costais leasa shóisialaigh | **15,621** | 16,434 |
| Costais pinsin eile | **12,613** | 8,441 |
| Caipitealú ar obair féin | **—** | (63) |
| **Costais iomlán foirne** | **197,068** | 204,378 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **49** | 62 |
| - do sheirbhísí eile* | **66** | 59 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | **115** | 121 |
| **Iomlán an phárolla agus costais ghaolmhara** | **197,183** | 204,499 |

In 2009 íocadh Táillí Stiúrthóirí le stiúrthóirí an bhoird mar seo a leanas:
An tUas. T. Coffey €7,000, an tUas. D. Egan €4,466, N. Maher Uasal €5,250, M. Mooney Uasal €5,732, an tUas. A. O'Byrne €13,417, G. Tuke Uasal €5,250 agus an tUas. P. Webster €8,167.

Níor fuair an Dr. J.J. Lynch, an tUas. B. McCamley, an tUas. W. McDermott agus an tUas. J. Moloney aon Táillí Stiúrthóirí ón gcuideachta.

San áireamh mar Tuarastail agus pánna tá méid ar ionann é agus €237,357 a íocadh leis an Uas. J. Meagher, Príomhfheidhmeannach, le haghaidh seirbhísí feidhmiúcháin..

**Stiúrthóir oibrí*

| | An Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2009** | 2008 |
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **3,699** | 3,825 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 3. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealadh | **26,284** | 24,227 |
| Ábhair | **17,389** | 18,753 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **689** | 703 |
| Cíos agus rátaí | **836** | 818 |
| Luach saothair iniúchóirí | **46** | 44 |
| Oibríochtaí cíosanna ar léas | **537** | 527 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra | **7,451** | 14,323 |
| Costais íochta le stiúthóirí | **5** | 4 |
| Seirbhísí eile | **23,307** | 25,799 |
| Deontais ioncaim *(nóta 14)* | **(267)** | (105) |
| | **76,277** | 85,093 |

Sa áireamh sna costais íoctha le stiúrthóirí sa bhliain 2009 tá €4,907 a íocadh leis an Uas. D. Egan ar chostais taistil.

## 4. DÍMHEAS

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 8)* | **34,025** | 33,508 |
| Amúchadh deontais chaipitil AE/ón Státchiste *(nóta 14)* | **(17,035)** | (15,815) |
| | **16,990** | 17,693 |

## 5. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EISCEACHTÚLA

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **5,925** | 1,177 |

Mar chuid de chlár laghdaithe costais, thug an chuideachta isteach clár téarfa deonach agus luathscoir. An costas sa bhliain 2009, lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár is ea €5.925 milliún.

## 6. ÚS (INFHAIGHTE)/INÍOCTHA

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta shealbhaíochta | **(1,324)** | (2,736) |
| Íocaíochtaí úis eile | **5** | 2 |
| | **(1,319)** | (2,734) |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 7. OIBLEAGÁID SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba €83,199,000 a bhí san íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí iníoctha le Bus Átha Cliath - Dublin Bus trína chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2009 (2008 - €85,629,000).

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Stadanna Bus agus Foscadáin Bus €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2009 | 333,074 | 17,940 | 47,869 | 398,883 |
| Breiseanna | 8,174 | 4,716 | 5,299 | 18,189 |
| Diúscairtí | (31,570) | — | — | (31,570) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2009** | 309,678 | 22,656 | 53,168 | 385,502 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2009 | 195,362 | 2,046 | 29,948 | 227,356 |
| Muirear don bhliain | 28,891 | 1,295 | 3,839 | 34,025 |
| Diúscairtí | (31,542) | — | — | (31,542) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2009** | 192,711 | 3,341 | 33,787 | 229,839 |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2009** | 116,967 | 19,315 | 19,381 | 155,663 |
| Amhail an 31 Nollaig 2008 | 137,712 | 15,894 | 17,921 | 171,527 |

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

| | Saol (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7 – 10 |
| Stadanna bus agus foscadáin bus | 3 – 15 |
| Gléasra agus innealra | 3 – 10 |

(b) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas go hiomlán ag costas de €42,825,000 (2008 - €31,762,000) ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €Nil (2008 - €3,048,000) san áireamh i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad atá á dtógáil agus ar sócmhainní iad nach bhfuil fós i mbun seirbhíse.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 9. STOIC

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna breise | **1,349** | 1,871 |
| Breosla, bealadh agus stoic éagsúla eile | **1,443** | 1,158 |
| | **2,792** | 3,029 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar ceanglais oibríochta fadtréimhseacha. Níl luach athsholáthair na stoc difriúil go hábhartha óna luach de réir na leabhar.

## 10. FÉICHIÚNAITHE

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **8,091** | 8,787 |
| Méideanna dlite don chuideachta shealbhaíochta | **76,621** | 75,570 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **1,302** | 1,455 |
| | **86,014** | 85,812 |

## 11. CREIDIÚNAITHE (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt | **—** | 338 |
| Féichiúnaithe trádála | **5,757** | 5,728 |
| Méideanna dlite don chuideachta shealbhaíochta | **2,255** | 1,933 |
| Deontais AE/deontais ón Státchiste is infhaighte | **2,937** | 2,615 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **233** | 252 |
| Creidiúnaithe eile | **1,499** | 1,614 |
| Ioncam iarchurtha | **8,637** | 8,791 |
| Fabhruithe | **12,197** | 15,458 |
| Scaoileadh deonach | **12,522** | 57 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 13)* | **9,500** | 8,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 14)* | **15,364** | 16,952 |
| | **70,901** | 61,738 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **5,425** | 4,800 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 12. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Léasanna oibríochta** | | |
| Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **112** | 169 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **103** | 269 |
| | **215** | 438 |

## 13. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **97,237** | 87,500 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(8,924)** | (4,217) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **7,087** | 13,954 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **95,400** | 97,237 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas Reatha *(nóta 11)* | **9,500** | 8,000 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **85,900** | 89,237 |
| | **95,400** | 97,237 |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear méideanna nach mbíonn socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus muirir.

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas Tríú Páirtí sa bhreis ar €2,000,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás caingne a thionscnaítear maidir le héilimh bhóthair a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$3,300,000 é;

(ii) Dliteanas Tríú Páirtí don Ghrúpa sa bhreis ar €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin;

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é; agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte áit gurb os cionn €250,000; agus

(c) aon éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe, áit gurb os cionn US$150,000 é.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 13. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach** (ar leanúint)

(iii) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €15,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2009 go dtí Márta 2010; faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa fhoriomláin de €27,000,000 sa chomhlán bliantúil tar éis a bheidh aon choinneáil féin árachaithe bliantúil sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000;

(iv) is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2009 go dtí Márta 2010, do dhliteanais tríú páirtí iompair ráille agus bóthair agus rioscaí eile;

(v) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht de €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanais amháin nó ar shraith caillteanas, le farasbarr bliantúil srianta ag €5,000,000 go comhiomlán tar éis a bheidh aon fharasbarr féin árachaithe aonair sa tréimhse sin cothrom le €100,000; agus

(vi) is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farrasbarr de €500,000 i ndáil le rothra ráille agus bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile do gach uile cheann de na caillteanais.

**(B) Soláthar d'Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara**

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach i ndáil le héilimh a bhainistiú ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistithe éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh d'éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthair éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar fhasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag roinnt leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 13. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

**(B) Soláthar d'Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara** (ar leanúint)

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe sa chás gur féidir gnóthachain den sórt sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á tabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le aon athárachóirí in athrith.

## 14. IONCAM IARCHURTHA

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| **Léiríonn an cuntas seo deontais AE agus deontais ón Státchiste a thugtar cuntas dóibh de réir polasaí cuntasaíochta F.** | | |
| **Deontais Aontais Eorpaigh/Deontais ón Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **89,946** | 83,064 |
| Faighte agus infhaighte | **6,890** | 22,802 |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais | | |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil *(nóta 4)* | **(17,035)** | (15,815) |
| Díscríobh sócmhainní deontaschúnta | **(20)** | — |
| Deontas ioncaim *(nóta 3)* | **(267)** | (105) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **79,514** | 89,946 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 11)* | **15,364** | 16,952 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **64,150** | 72,994 |
| | **79,514** | 89,946 |

## 15. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **38,092** | 38,092 |
| **Leithroinnte, glaoite agus lánı́octha:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **31,743** | 31,743 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 16. RÉITEACH GLUAISEACHTA I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | **36,544** | 51,488 |
| Easnamh don Bhliain | **(12,925)** | (14,944) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **23,619** | 36,544 |

## 17. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Réiteach easnamh oibríochta i leith sreabhadh airgid oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **(97,443)** | (103,307) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí *(nóta 7)* | **83,199** | 85,629 |
| | **(14,244)** | (17,678) |
| Dímheas | **34,025** | 33,508 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | **(17,035)** | (15,815) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(2,625)** | (1,487) |
| Laghdú i stoic | **237** | 84 |
| Laghdú i bhféichiúnaithe | **849** | 2,146 |
| Méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | **7,751** | 11,647 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **8,958** | 12,405 |

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(B) Anailís ar shreabhadh airgid do cheannteidil glan sa ráiteas faoi shreabhadh airgid** | | |
| **Seirbhísiú ar airgeadas** | | |
| Ús a fuarthas | **1,324** | 2,736 |
| Íocaíochtaí úis eile | **(5)** | (2) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | **1,319** | 2,734 |
| | | |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(18,189)** | (41,555) |
| Glan-insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **2,634** | 1,547 |
| Deontais chaipitil AE/ón Státchiste | **6,623** | 22,697 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil** | **(8,932)** | (17,311) |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 17. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID (ar leanúint)

| | Amhail an 1 Eanáir 2009 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Amhail an 31 Nollaig 2009 €000 |
|---|---|---|---|
| **(C) Anailís ar ghlanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | 145 | (44) | 101 |
| Rótharraingt | (338) | 338 | – |
| | | 294 | |
| Iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | 75,570 | 1,051 | 76,621 |
| | | 1,051 | |
| **Iomlán** | 75,377 | 1,345 | 76,722 |

## 18. PINSIN

Tá fostaithe de chuid Bus Átha Cliath mar bhaill de scéimeanna pinsean Ghrúpa Córas Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Córas Iompair Éireann dhá scéim pinsin sochair sainmhínithe ag clúdach formhór na bhfostaithe, gach ceann acu á mhaoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir sciar na mball aonair de sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin ag Ghrúpa Córas Iompair Éireann a aithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach fiú dá mbeadh sé féideartha dáileadh a dhéanamh ar baill neamh-ghníomhacha ar fud fochuideachtaí bunaithe ar lá deireanach na fostaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh na baill tar éis obair le haghaidh níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé leis an dliteanas (agus sócmhainn chomhfhreagrach) le haghaidh tréimhsí leanúnacha na fostaíochta. Táthar tar éis cuntas a thabhairt i leith ranníocaíochtaí do na scéimeanna seo, sa chaoi gur ionann é agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe arna cheadú ag Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh ar na scéimeanna le haghaidh foralacha FRS 17 go raibh easnamh €547.0 milliún ar na scéimeanna ar 31ú Nollaig 2009.

B'ionann an costas pinsin don bhliain ar scéimeanna sochair sainmhínithe agus €12.6 milliún, áirítear na costais seo freisin i nóta 2.

## 19. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | **10,891** | 36,339 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do | **950** | 15,107 |
| | **11,841** | 51,446 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 20. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar Feitheamh**

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na soláthairtí atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 21. IDIRBHEARTA PHÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbhearta idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 22. COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Átha Cliath - Dublin Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

## 23. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 31 Márta 2010.